2024/2763

28.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2763 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 22 Deireadh Fómhair 2024

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2038 (EUNAVFOR ASPIDES/4/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583, lenar bunaíodh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES.

(3) An 17 Iúil 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2038 ([2]), lenar ceapadh an Seachaimiréal Massimo BONU mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR ASPIDES ón 8 Lúnasa 2024.

(4) An 16 Deireadh Fómhair 2024, mhol údaráis mhíleata na Gréige an Ceannasóir Konstantinos PITYKAKIS a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Massimo BONU mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR ASPIDES ón 1 Samhain 2024 ('an ceapachán molta').

(5) An 16 Deireadh Fómhair 2024, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gceapachán molta sin.

(6) An 17 Deireadh Fómhair 2024, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Konstantinos PITYKAKIS a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR ASPIDES.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2038 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Konstantinos PITYKAKIS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) amhail ón 1 Samhain 2024.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/2038 a aisghairm.

([1]) IO sraith L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2038 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 17 Iúil 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1686 (EUNAVFOR ASPIDES/3/2024) (IO L, 2024/2038, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2038/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Samhain 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK